Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Márta 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0076(NLE)**

**7407/22**
**ADD 1**

**CLIMA 119**
**ENV 251**
**ENER 96**
**IND 82**
**COMPET 169**
**MI 215**
**ECOFIN 249**
**TRANS 163**
**AELE 13**
**CH 6**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 111 final - Iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, lena leasaítear Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 111 final - Iarscríbhinn.

---

Faoi iamh: COM(2022) 111 final - Iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.3.2022
COM(2022) 111 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh,**

**lena leasaítear Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú**

**CINNEADH Uimh. 1/2022 ÓN gCOMHCHOISTE A BUNAÍODH FAOIN gCOMHAONTÚ IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS CÓNAIDHM NA hEILVÉISE MAIDIR LENA gCÓRAIS TRÁDÁLA ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA A NASCADH**
**an …**
**lena leasaítear Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú**

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh[1] (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) agus go háirithe Airteagal 9 agus Airteagal 13(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(2) den Chomhaontú, déanfar faisnéis íogair a mharcáil i gcomhréir lena leibhéal íogaireachta.

(2) Leagtar amach le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú conas a mharcáiltear faisnéis íogair a láimhseáiltear agus a mhalartaítear faoin gComhaontú. Ceanglaítear leis an Iarscríbhinn sin ar na Páirtithe úsáid a bhaint as na leibhéil íogaireachta chun faisnéis íogair den chineál sin a shainaithint.

(3) Sainmhínítear leibhéil íogaireachta CTA le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an gComhaontú agus bunaítear leibhéal íogaireachta faisnéise domhanda.

(4) Tá marcáil faisnéise agus láimhseáil chomhfhreagrach na faisnéise sin tábhachtach chun an leibhéal rúndachta faisnéise atá riachtanach a áirithiú chun damáiste de bharr nochtadh neamhúdaraithe faisnéise a sheachaint.

(5) Trí bhíthin Fhógra Slándála C(2019) 1904, d'athraigh an Coimisiún Eorpach marcálacha slándála faisnéise íogaire neamh-rúnaicmithe le haghaidh úsáid inmheánach an Choimisiúin Eorpaigh. Mhol an Coimisiún Eorpach comhaontú a dhréachtú le páirtithe seachtracha lena leagfar amach na treoracha láimhseála le haghaidh na faisnéise uile a mhalartaítear eatarthu.

(6) Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na marcálacha slándála a áirithiú mar a leagtar amach in Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú, féadfaidh an Comhchoiste na hIarscríbhinní sin a leasú i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú.

(7) Ina thríú cruinniú a tionóladh an 26 Samhain 2020, d'fhormheas an Comhchoiste na treoracha láimhseála i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú agus dá dtagraítear in Airteagal 8(2) den Chomhaontú.

(8) An Meitheal a bunaíodh le Cinntí 1/2020 agus 2/2020 ón gComhchoiste, mhol sí na treoracha láimhseála a leasú, i gcomhréir leis an sainordú a sholáthraítear leis na Cinntí sin, chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na marcálacha slándála a áirithiú.

---

[1] IO L 322, 7.12.2017, lch. 3.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é.

Arna dhéanamh i mBéarla [sa Bhruiséil][i mBeirn], an [xx 2022].

*Thar ceann an Chomhchoiste*

| *Rúnaí don Aontas Eorpach* | *An Cathaoirleach* | *Rúnaí don Eilvéis* |
|---|---|---|

## IARSCRÍBHINN

## IARSCRÍBHINN III

LEIBHÉIL ÍOGAIREACHTA AGUS TREORACHA LÁIMHSEÁLA

Úsáidfidh na Páirtithe na leibhéil íogaireachta seo a leanas chun faisnéis íogair a láimhseáiltear agus a mhalartaítear faoin gComhaontú seo a shainaithint:

Chun na críche sin, cuirfear na marcálacha a leagtar síos in Airteagal 9(2) den Chomhaontú seo i bhfeidhm mar seo a leanas:

— Cuirfear ETS Limited (CTA Teoranta) i bhfeidhm san Aontas mar '**SENSITIVE:** *ETS Joint Procurement'* (ÍOGAIR: Soláthar Comhpháirteach CTA); san Eilvéis mar '**LIMITED:** *ETS*' (TEOREANTA: CTA)

— Cuirfear CTA Íogair i bhfeidhm san Aontas agus san Eilvéis mar '**SENSITIVE:** *ETS*' (TEORANTA: CTA)

— Cuirfear ETS Critical (CTA Criticiúil) i bhfeidhm san Aontas agus san Eilvéis mar '**SPECIAL HANDLING:** *ETS Critical*' (LÁIMHSEÁIL SPEISIALTA: CTA Criticiúil)

Faisnéis atá marcáilte mar '**SPECIAL HANDLING:** *ETA Critical*', (LÁIMHSEÁIL SPEISIALTA: CTA Criticiúil) tá sí níos íogaire ná faisnéis atá marcáilte mar '**SENSITIVE:** *ETS*', (ÍOGAIR: CTA) atá níos íogaire arís ná faisnéis atá marcáilte mar '**SENSITIVE:** *ETS Joint Procurement*' (ÍOGAIR: Soláthar Comhpháirteach CTA) san Aontas nó mar '**LIMITED:** *ETS*' (TEORANTA: CTA) san Eilvéis.

Comhaontaíonn na Páirtithe go bhforbrófar treoracha láimhseála ar bhonn bheartas aicmiúcháin fhaisnéis CTA an Aontais agus ar bhonn Reacht um Chosaint Faisnéise agus Acht Feidearálach um Chosaint Sonraí na hEilvéise. Cuirfear na treoracha láimhseála faoi bhráid an Chomhchoiste lena bhformheas. Tar éis na horduithe a fhormheas, déanfar an fhaisnéis uile a láimhseáil de réir a leibhéil íogaireachta i gcomhréir leis na treoracha láimhseála.

I gcás ina bhfuil difríocht idir na measúnuithe arna ndéanamh ag na Páirtithe ar na leibhéil, cuirfear an leibhéal is airde i bhfeidhm.

Áireofar buncheanglais slándála coibhéiseacha maidir leis na treoracha láimhseála seo a leanas i reachtaíocht gach Páirtí, agus leibhéil íogaireachta CTA á gcur san áireamh:

- Giniúint an doiciméid
    - Acmhainní
    - An Leibhéal Íogaireachta
- Stóráil
    - Doiciméad leictreonach ar líonra
    - Doiciméad leictreonach i dtimpeallacht áitiúil
    - Doiciméad fisiceach
- Tarchur leictreonach

    - Fón agus fón póca
    - Facs
    - Ríomhphost
    - Tarchur sonraí
- Tarchur fisiceach
    - Ó Bhéal
    - Aistriú pearsanta
    - Córas Poist
- Úsáid
    - Próiseáil le feidhmchláir TF
    - Priontáil
    - Cóipeáil
    - Doiciméad a bhaint as suíomh buan
- Bainistíocht Faisnéise
    - Meastóireacht thráthrialta ar aicmiú agus faighteoirí
    - Cartlannú
    - Scriosadh agus Díothú

## IARSCRÍBHINN IV

SAINMHÍNIÚ AR LEIBHÉAL ÍOGAIREACHTA CTA

A.1 – Rátáil Rúndachta agus Sláine

Ciallaíonn 'rúndacht' gné choimeádta na faisnéise nó an chórais faisnéise iomlán nó cuid de (amhail algartaim, cláir agus doiciméadacht) a bhfuil rochtain orthu teoranta do dhaoine, comhlachtaí agus nósanna imeachta údaraithe.

Ciallaíonn 'sláine' an ráthaíocht nach féidir an córas faisnéise agus an fhaisnéis phróiseáilte a athrú ach amháin trí ghníomh dlisteanach d'aon ghnó agus go dtabharfar na torthaí a bhfuil coinne leo go cruinn agus go hiomlán leis an gcóras.

Maidir le gach píosa faisnéise CTA a mheastar a bheith íogair, is gá an ghné rúndachta a mheas i gcomhthéacs an tionchair fhéideartha ar leibhéal gnó i gcás ina nochtar an fhaisnéis sin agus is gá an ghné sláine a mheas i gcomhthéacs an tionchair fhéideartha ar leibhéal gnó i gcás ina n-athraítear an fhaisnéis sin go neamhthoilteanach, nó i gcás ina ndíothaítear go páirteach nó go hiomlán í.

Déanfar leibhéal rúndachta na faisnéise agus leibhéal sláine córais faisnéise a rátáil tar éis measúnú a dhéanamh atá bunaithe ar na critéir i roinn A.2. Leis na rátálacha sin, is féidir meastóireacht a dhéanamh ar leibhéal íogaireachta domhanda na faisnéise trí bhíthin an tábla mapála a sholáthraítear i roinn A.3.

A.2 – Rátáil Rúndachta agus Sláine

A.2.1 – 'Rátáil íseal'

Tabharfar rátáil íseal d'aon fhaisnéis a bhaineann le CTA a ndéanfadh nochtadh na faisnéise sin agus/nó caillteanas a sláine damáiste measartha do na Páirtithe nó d'institiúidí eile, agus gur dócha go mbeadh na tionchair seo a leanas mar thoradh air sin:

— go ndéanfaí difear measartha do chaidreamh polaitiúil nó taidhleoireachta;

— go mbeadh drochphoiblíocht áitiúil á tarraingt ar íomhá nó ar cháil na bPáirtithe nó institiúidí eile;

— go gcuirfí náire ar dhaoine aonair;

— go ndéanfaí difear do mheanma/táirgiúlacht na foirne;

— go mbeadh caillteanas teoranta airgeadais ann, nó go n-éascófaí gnóthachan míchuí nó buntáiste míchuí go measartha do dhaoine aonair nó do chuideachtaí;

— go ndéanfaí difear measartha d'fhorbairt éifeachtach nó d'fheidhmiú bheartais na bPáirtithe;

— go ndéanfaí difear measartha do bhainistiú cuí na bPáirtithe agus a n-oibríochtaí.

A.2.2 – ‘Meánrátáil’

Tabharfar meánrátáil d’aon fhaisnéis a bhaineann le CTA a ndéanfadh nochtadh na faisnéise sin agus/nó caillteanas a sláine damáiste do na Páirtithe nó d’institiúidí eile, agus gur dócha go mbeadh na tionchair seo a leanas mar thoradh air sin:

— go gcuirfí náire ar chaidreamh polaitiúil nó taidhleoireachta;

— go ndéanfaí damáiste d’íomhá nó do cháil na bPáirtithe nó institiúidí eile;

— go gcuirfí anacair ar dhaoine aonair;

— go mbeadh meanma/táirgiúlacht na foirne níos measa dá bharr;

— go gcuirfí náire ar na Páirtithe nó ar institiúidí eile i gcaibidlíocht tráchtála nó i gcaibidlíocht bheartais le páirtithe eile;

— go mbeadh caillteanas airgeadais ann, nó go n-éascófaí gnóthachan míchuí nó buntáiste míchuí do dhaoine aonair nó do chuideachtaí;

— go ndéanfaí difear d’imscrúdú coireachta;

— go sárófaí oibleagáidí dlíthiúla nó conarthacha maidir le rúndacht faisnéise;

— go ndéanfaí difear d’fhorbairt nó d’fheidhmiú bheartais na bPáirtithe;

— go ndéanfaí difear do bhainistiú cuí na bPáirtithe agus a n-oibríochtaí.

A.2.3 – ‘Rátáil ard’

Tabharfar rátáil ard d’aon fhaisnéis a bhaineann le CTA a ndéanfadh nochtadh na faisnéise sin agus/nó caillteanas a sláine damáiste tubaisteach agus/nó damáiste do-ghlactha do na Páirtithe nó d’institiúidí eile, agus gur dócha go mbeadh na tionchair seo a leanas mar thoradh air sin:

— go ndéanfaí dochar do chaidreamh taidhleoireachta;

— go gcuirfí anacair mhór ar dhaoine aonair;

— go mbeadh sé níos deacra éifeachtacht oibríochta nó slándáil oibríochta na bPáirtithe nó fórsaí rannchuiditheoirí eile a choimeád;

— go mbeadh caillteanas airgeadais ann, nó go n-éascófaí gnóthachan míchuí nó buntáiste míchuí do dhaoine aonair nó do chuideachtaí;

— go sárófaí gealltanais chuí go gcoinneofaí rúndacht na faisnéise arna soláthar ag tríú páirtithe;

— go sárófaí srianta reachtúla maidir le nochtadh faisnéise;

— go ndéanfaí dochar d'imscrúdú na coireachta nó go n-éascófaí coireacht;

— go gcuirfí na Páirtithe faoi mhíbhuntáiste i gcaibidlíocht tráchtála nó i gcaibidlíocht bheartais le páirtithe eile;

— go gcuirfí bac ar fhorbairt éifeachtach nó ar fheidhmiú bheartais na bPáirtithe;

— go mbainfí an bonn ó bhainistiú cuí na bPáirtithe agus a n-oibríochtaí.

A.3. Measúnú ar leibhéal íogaireachta fhaisnéis CTA

Bunaithe ar na rátálacha Rúndachta agus Sláine de bhun roinn A.2 agus i gcomhréir leis na leibhéil íogaireachta de bhun Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú seo, bunaítear an leibhéal íogaireachta faisnéise domhanda trí úsáid a bhaint as an tábla mapála seo a leanas:

| **Rátáil rúndachta**<br><br>**Rátáil sláine** | **Íseal** | **Meánach** | **Ard** |
|---|---|---|---|
| Íseal | Marcáil an Aontais:<br>**SENSITIVE:** *ETS Joint Procurement*<br><br>Marcáil na hEilvéise :<br>**LIMITED :** *ETS* | **SENSITIVE:** *ETS*<br><br>(nó (*)<br><br>Marcáil an Aontais:<br>**SENSITIVE:** *ETS Joint Procurement*<br><br>Marcáil na hEilvéise:<br>**LIMITED:** *ETS*<br><br>) | **SPECIAL HANDLING:**<br>*ETS Critical* |
| Meánach | **SENSITIVE:** *ETS*<br><br>(nó (*)<br><br>Marcáil an Aontais:<br>**SENSITIVE:** *ETS Joint Procurement*<br><br>Marcáil na hEilvéise:<br>**LIMITED**: *ETS*<br><br>) | **SENSITIVE:** *ETS*<br><br>(nó (*)<br>**SPECIAL HANDLING:**<br>*ETS Critical*<br><br>) | **SPECIAL HANDLING:**<br>*ETS Critical* |
| Ard | **SPECIAL HANDLING:**<br>*ETS Critical* | **SPECIAL HANDLING:**<br>*ETS Critical* | **SPECIAL HANDLING:**<br>*ETS Critical* |
| (*)<br><br>Déanfar measúnú ar éagsúlacht fhéideartha ar bhonn cás ar chás. | | | |